Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Meánmhais in ord reatha	Meánastaíochtaí sonracha CO_2	Sprioc astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Caidhp sárchreidmheasa 2022	Coigiltis CO_2 ó éiceanúlaíochtaí	Lamháil earráide
TOYOTA MOTOR EUROPE NV SA	P5	487 789	1 451,33	112,412	121,673	– 9,264	1,188	4,956	1,008	0,003
VOLKSWAGEN AG	P10	1 024 46 464	1 522,43	116,184	119,907	– 3,727	0	0	1,593	0,004
VOLVO CAR CORPORATION		203 526	1 972,99	79,703	133,278	– 53,575	0	0	0,547	0
ZHAOQING XIAOPENG INVESTMENT OF NEW ENERGY CO LTD	DMD	356	2 110,19	0			0	7,5	0	
ZHEJIANG GEELY AUTOMOBILE CO LTD		26 356	1 951,74	28,051	134,035	– 105,984	0	0	0	0

Tábla 2

Luachanna a bhaineann le feidhmíocht díormaí monaróirí gluaisteán paisinéirí nua sa bhliain féilire 2022 i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/631

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J	K	L
Ainm an díorma	Díormaí	Líon iomlán na gclárúchán	Meánmhais in ord reatha	Meánastaíochtaí sonracha CO_2	Sprioc astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Sárchreidmheasanna	Caidhp sárchreidmheasa 2022	Coigiltis CO_2 ó éiceanúlaíochtaí	Lamháil earráide	Sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha
BMW	P1	635 586	1 778,76	104,942	127,461	– 22,519	0	0	1,965	0	
FORD	P2	405 993	1 559,44	113,252	122,866	– 9,616	0	0	2,628	0,002	
HYUNDAI MOTOR EUROPE	P3	432 844	1 463,07	101,377	112,585	– 11,211	0	0	1,508	0,003	
KIA	P4	434 254	1 468,54	99,848	112,449	– 12,604	0	0	1,292	0,003	
MAZDA-SUBARU-SUZUKI-TOYOTA	P5	721 891	1 425,07	114,248	118,620	– 4,378	1,677	4,956	1,311	0,006	
MERCEDES-BENZ	P6	553 888	1 873,59	111,928	126,607	– 14,686	0	0	0,796	0,007	
RENAULT-NISSAN-MITSUBISHI	P7	1 229 8 810	1 344,67	104,741	110,277	– 5,539	0	0	2,280	0,003	
STELLANTIS	P8	1 838 8 890	1 342,40	103,170	118,285	– 15,116	0	0	2,144	0,001	
TESLA-HONDA-JLR	P9	263 451	1 953,05	49,913	136,938	– 87,026	0	0	0,500	0,001	
VOLKSWAGEN	P10	2 341 8 844	1 572,56	118,502	121,575	– 3,075	0	0	1,569	0,002	119,440

Nótaí míniúcháin a ghabhann le Táblaí 1 agus 2:

I gcás na ríomhanna uile is bun leis na luachanna a liostaítear sna táblaí sin, níor breithníodh ach na feithiclí sin ar tuairiscíodh astaíochtaí sonracha CO_2 agus an mhais in ord reatha araon ina leith.

I gcás monaróir aonair, atá ina bhall de dhíorma monaróirí sa bhliain féilire 2022, is iad na luachanna a liostaítear i dTábla 1 na luachanna a bheadh feidhm acu mura mbeadh an monaróir ina bhall den díorma.

Colún A:

Tábla 1: Ciallaíonn 'ainm an mhonaróra' ainm an mhonaróra arna fhógairt don Choimisiún ag an monaróir lena mbaineann nó, i gcás nach ndearnadh an fógra sin, an t-ainm a thuairiscigh an t-údarás tuairiscithe.

Tábla 2: Ciallaíonn 'ainm an díorma' ainm an díorma arna fhógairt ag bainisteoir an díorma.

Colún B:

Ciallaíonn 'D' gur deonaíodh maolú le haghaidh na bliana féilire 2022 i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2019/631 (monaróir ísealtáirgeachta).

Ciallaíonn 'ND' gur deonaíodh maolú ('nideoige') le haghaidh na bliana féilire 2022 i gcomhréir le hAirteagal 10(4) de Rialachán (AE) 2019/631 (monaróir nideoige).

Ciallaíonn 'DMD' go bhfuil feidhm ag díolúine '*de-minimis*' i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/631, ionas nach mbeidh ar an monaróir sprioc astaíochtaí sonracha a bhaint amach sa bhliain féilire 2022.

Ciallaíonn 'P' go bhfuil an monaróir ina bhall de dhíorma monaróirí arna dhéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/631 a bhfuil an comhaontú maidir le díorma bailí ina leith le haghaidh na bliana féilire 2022.

Colún C:

Ciallaíonn 'líon iomlán na gclárúchán' líon iomlán na ngluaisteán paisinéirí nua a cláraíodh sa bhliain féilire 2022 san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Colún D:

Ciallaíonn 'meánmhais in ord reatha' (kg) meánmhais in ord reatha na ngluaisteán paisinéirí nua a cláraíodh sa bhliain féilire 2022 san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Colún E:

Ciallaíonn 'meánastaíochtaí sonracha CO_2' (g CO_2/km) na meánastaíochtaí sonracha CO_2 arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún ([1]) maidir leis na gluaisteáin paisinéirí nua a cláraíodh in 2022 san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Agus meánastaíochtaí sonracha CO_2 á ríomh, chuir an Coimisiún an méid seo a leanas san áireamh, i gcás inarb infheidhme:

— úsáid na sárchreidmheasanna (colún H);

— coigilteas astaíochtaí CO_2 mar thoradh ar úsáid éiceanuálaíochtaí (colún J).

([1]) Rialachán (AE) 2017/1151 ón gCoimisiún an 1 Meitheamh 2017 lena bhforlíontar Rialachán (CE) Uimh. 715/2007 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le cineálcheadú mótarfheithiclí i dtaca le hastaíochtaí ó fheithiclí éadroma paisinéirí agus tráchtála (Euro 5 agus Euro 6) agus maidir le rochtain ar fhaisnéis faoi dheisiú agus cothabháil feithiclí, lena leasaítear Treoir 2007/46/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún agus Rialachán (AE) Uimh. 1230/2012 ón gCoimisiún agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 692/2008 ón gCoimisiún (IO L 175, 7.7.2017, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/1151/oj).

Colún F:

Ciallaíonn 'sprioc astaíochtaí sonracha' (g CO_2/km) sprioc astaíochtaí sonracha an mhonaróra (Tábla 1) nó an díorma monaróirí (Tábla 2) arna ríomh i gcomhréir le Cuid A, pointe 4, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, nó, i gcás inarb infheidhme ('D' nó 'ND' i gcolún B i dTábla 1), an sprioc mhaolaithe a deonaíodh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/631.

Is í sprioc thagartha an nós imeachta tástála comhchuibhithe domhanda d'fheithiclí éadroma ('WLTP') i leith astaíochtaí sonracha, a úsáidtear chun an sprioc astaíochtaí sonracha a ríomh, an sprioc a leagtar amach i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 ón gCoimisiún ([2]) nó Cuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 ([3]). I gcás díormaí monaróirí a liostaítear i dTábla 2, a ndearnadh athrú ar a gcomhdhéanamh sa bhliain féilire 2022, liostaítear sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha i gcolún L i dTábla 2.

I gcás ina mbaineann monaróir leas as díolúine de bhun Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/631 ('DMD' i gcolún B i dTábla 1), ní bheidh feidhm ag aon sprioc astaíochtaí sonracha agus, dá bhrí sin, ní luaitear 'fad chuig an sprioc' (colún G) ná 'lamháil earráide' (colún K) ach an oiread.

Colún G:

Ciallaíonn 'Fad chuig an sprioc' (g CO_2/km) an difríocht idir meánastaíochtaí sonracha CO_2 (colún E) agus an sprioc astaíochtaí sonracha (colún F), as a mbaintear an lamháil earráide (colún K).

I gcás inar mó ná nialas an fad go dtí an spriocluach, ciallaíonn sé sin gur sáraíodh an sprioc astaíochtaí sonracha.

I gcás monaróra, ar ball de dhíorma monaróirí é ('P' i gcolún B i dTábla 1), ní dhéanfar measúnú ar chomhlíonadh na sprice astaíochtaí sonracha ach amháin ar leibhéal an díorma.

Colún H:

Ciallaíonn 'sárchreidmheasanna' (g CO_2/km) creidmheasanna astaíochta dá dtagraítear in Airteagal 5 de Rialachán (AE) 2019/631 agus a chinntear i gcomhréir le pointe 4.1(g) d'Fhógra 2017/C 218/01 ón gCoimisiún ([4]), atá le cur san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha CO_2 (colún E) a ríomh. Chun méid na sárchreidmheasanna arna shannadh do mhonaróir nó do dhíorma monaróirí a chinneadh, gach ceann dá ghluaisteáin paisinéirí nua a cláraíodh in 2022 san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua lena raibh astaíochtaí sonracha CO_2 ar lú iad ná 50 g CO_2/km (NEDC), déantar é a chomhaireamh mar 1,33 gluaisteán paisinéirí.

Colún I:

Ciallaíonn 'caidhp sárchreidmheasa 2022' (g CO_2/km) uasmhéid na sárchreidmheasanna is féidir a úsáid sa bhliain féilire 2022, arna ríomh i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún ([5]) agus pointe 6.3 d'Fhógra 2017/C 218/01 ón gCoimisiún. I gcás inarbh airde méid ríofa na sárchreidmheasanna sa bhliain féilire 2022 ná 'caidhp sárchreidmheasa 2022', tá an luach a chuirtear san áireamh le haghaidh an ríomha (colún H) teoranta don chaidhp sin.

([2]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 ón gCoimisiún an 26 Meán Fómhair 2022 lena ndeimhnítear nó lena leasaítear ríomh sealadach na meánastaíochtaí sonracha CO_2 agus na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha do mhonaróirí gluaisteán paisinéirí agus feithiclí tráchtála éadroma don bhliain féilire 2020 agus lena gcuirtear monaróirí ar an eolas maidir leis na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna i leith astaíochtaí sonracha agus na spriocanna maolaithe do na blianta féilire 2021 go 2024 a ríomh de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 280, 28.10.2022, lch. 49, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2022/2087/oj).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623 ón gCoimisiún an 3 Lúnasa 2023 lena sonraítear na luachanna a bhaineann le feidhmiú monaróirí agus díormaí monaróirí gluaisteán paisinéirí nua agus feithiclí tráchtála éadroma nua don bhliain féilire 2021 agus na luachanna atá le húsáid chun na spriocanna astaíochtaí sonracha ó 2025 ar aghaidh a ríomh de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena gceartaítear Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 (IO L 200, 10.8.2023, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec_impl/2023/1623/oj).

([4]) Fógra 2017/C 218/01 ón gCoimisiún faoin Treoraíocht maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le clárú feithiclí saothair éadroma nua (IO C 218, 7.7.2017, lch. 1).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún an 2 Meitheamh 2017 lena leagtar amach modheolaíocht chun na paraiméadair chomhghaolaithe a chinneadh is gá chun an t-athrú ar nós imeachta na tástála rialála a léiriú lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1014/2010 (IO L 175, 7.7.2017, lch. 679, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2017/1153/oj).

I gcás na ndíormaí monaróirí a liostaítear i dTábla 2, a ndearnadh athrú ar a gcomhdhéanamh i gcomparáid leis an mbliain féilire 2021, déantar 'caidhp sárchreidmheasa 2022' a ríomh mar mheán luachanna 'chaidhp sárchreidmheasa 2022' a shonraítear le haghaidh gach ball den díorma i gColún I de Thábla 1, arna hualú de réir líon iomlán na ngluaisteán paisinéirí lena raibh astaíochtaí sonracha NEDC nach mó ná 50 g CO_2/km arna gclárú ag baill an díorma sa bhliain féilire 2022.

Colún J:

Ciallaíonn 'coigilteas CO_2 ó éiceanuálaíochtaí' (g CO_2/km) an coigilteas astaíochtaí a chuirtear san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha CO_2 (colún F) a ríomh, a thagann chun cinn as úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha lena gcuirtear cion deimhnithe le laghduithe CO_2 agus atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/631. Níor cuireadh san áireamh ach éiceanuálaíochtaí a formheasadh i ndáil le nós imeachta tástála astaíochtaí WLTP. Ríomhtar an coigilteas CO_2 ó éiceanuálaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1153 agus pointe 4.1(f) d'Fhógra 2017/C 218/01 ón gCoimisiún.

Colún K:

Ciallaíonn 'lamháil earráide' (g CO_2/km) an luach ar dá réir a rinneadh coigeartú ar an difríocht idir meánastaíochtaí sonracha CO_2 (colún E) agus an sprioc astaíochtaí sonracha (colún F) agus an fad chuig an sprioc á ríomh (colún G), chun go gcuirfí san áireamh taifid ina bhfuil cód earráide B ar thug an monaróir (Tábla 1) nó an díorma monaróirí (Tábla 2) fógra ina leith don Choimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún ([6]).

Ríomhtar an lamháil earráide sin de réir na foirmle seo a leanas:

Lamháil earráide =	dearbhluach de [(AC1 – TG1) – (AC2 – TG2)]
AC1 =	meánastaíochtaí sonracha CO_2 lena n-áirítear na taifid ina bhfuil cód earráide B (mar a shonraítear i gcolún E);
TG1 =	sprioc astaíochtaí sonracha lena n-áirítear na taifid ina bhfuil cód earráide B (mar a shonraítear i gcolún F);
AC2 =	meánastaíochtaí sonracha CO_2 arna ríomh tar éis na taifid ina bhfuil cód earráide B a eisiamh;
TG2 =	sprioc astaíochtaí sonracha arna ríomh i ndiaidh na taifid ina bhfuil cód earráide B a eisiamh.

Colún L (Tábla 2):

Ciallaíonn 'sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha' sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha arna gcinneadh i gcomhréir le Cuid A, pointe 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631. Ní shonraítear luach ach amháin le haghaidh díormaí nua agus le haghaidh na ndíormaí monaróirí a ndearnadh athrú ar a gcomhdhéanamh sa bhliain féilire 2022. I gcás díormaí eile monaróirí, liostaítear sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha i gCuid A d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 nó i gCuid A d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623.

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392 ón gCoimisiún an 4 Márta 2021 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar shonraí a bhaineann le hastaíochtaí CO_2 ó ghluaisteáin paisinéirí agus ó fheithiclí tráchtála éadroma de bhun Rialachán (AE) 2019/631 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1014/2010, (AE) Uimh. 293/2012, (AE) 2017/1152 agus (AE) 2017/1153 ón gCoimisiún (IO L 77, 5.3.2021, lch. 8, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/392/oj).

IARSCRÍBHINN II

FEIDHMÍOCHT MONARÓIRÍ FEITHICLÍ TRÁCHTÁLA ÉADROMA NUA

Tábla 1

Luachanna a bhaineann le feidhmíocht monaróirí aonair feithiclí tráchtála éadroma nua sa bhliain féilire 2022 i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/631

A	B	C	D	E	F	G	H	I
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Meánmhais in ord reatha	Meánastaíochtaí sonracha CO_2	Sprioc astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Coigiltis CO_2 ó éiceanálaíochtaí	Lamháil earráide
ADDAX MOTOR NV	DMD	85	1 163,34	0			0	
ALFA ROMEO SPA	P6	446	1 755,00	146,012	162,000	−15,988	1,241	0
ALKE SRL	DMD	147	1 147,34	0			0	
AUDI AG	P7	54	1 833,30	158,750	184,858	−26,108	2,769	0
AUTOMOBILE DACIA SA	P5	751	1 251,01	121,432	111,915	9,517	2,135	0
AUTOMOBILES CITROEN	P6	48 601	1 851,17	185,838	218,192	−32,355	0,583	0,001
AUTOMOBILES PEUGEOT	P6	110 954	1 892,23	184,649	217,999	−33,350	0,607	0
BATTSWAP INC	DMD	16	1 320,00	0			0	
BAYERISCHE MOTOREN WERKE AG	P1/DMD	46	1 797,50	141,180			2,972	
B-ON GMBH	DMD	2 511	1 847,11	0			0	
BYD AUTO INDUSTRY COMPANY LIMITED	DMD	377	1 772,93	0			0	
CENNTRO AUTOMOTIVE CORPORATION	DMD	136	1 435,55	0			0	
DFSK MOTOR CO LTD	DMD	1 280	1 186,82	136,859			0	
DR AUTOMOBILES SRL	DMD	476	2 040,00	288,000			0	
DR ING HCF PORSCHE AG	P7	3	2 285,00	219,193	230,218	−11,025	1,474	0
ESAGONO ENERGIA SRL	DMD	22	1 236,82	0			0	
ETESIA SAS	DMD	5	1 171,00	0			0	
EVUM MOTORS GMBH	DMD	155	1 601,38	0			0	
FCA US LLC	P6	2 357	2 072,38	204,939	198,593	6,346	0,388	0

A	B	C	D	E	F	G	H	I
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gcláruchán	Meánmhais in ord reatha	Meánastaíochtaí sonracha CO_2	Sprioc astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Coigiltis CO_2 ó éiceanúlaíochtaí	Lamháil earráide
FORD MOTOR COMPANY OF AUSTRALIA PTY LIMITED	P2	29 795	2 337,67	250,468	233,677	16,791	0	0
FORD-WERKE GMBH	P2	122 289	1 982,81	187,308	200,635	– 13,328	0,060	0,001
GARIA AS	DMD	6	942,33	0			0	
GOUPIL INDUSTRIE SAS		654	1 265,29	0	93,245	– 93,245	0	0
GREAT WALL MOTOR COMPANY LIMITED	DMD	558	1 857,07	224,000			0	
HYUNDAI ASSAN OTOMOTIV SANAYI VE TICARET AS	P3/DMD	35	1 116,97	119,929			2,128	
HYUNDAI MOTOR COMPANY	P3/DMD	198	2 026,43	200,660			0,148	
HYUNDAI MOTOR MANUFACTURING CZECH SRO	P3/DMD	36	1 525,50	104,233			1,656	
ISUZU MOTORS LIMITED	D	8 613	2 157,26	240,324	249	– 8,676	0	0
IVECO SPA		11 458	2 401,72	274,612	292,670	– 18,080	0	0,022
JAGUAR LAND ROVER LIMITED		3 526	2 164,50	196,256	222,285	– 26,029	2,530	0
KG MOBILITY CORPORATION	DMD	637	2 193,18	235,063			0	
KIA CORPORATION	P4/DMD	302	1 169,19	111,691			1,557	
KIA SLOVAKIA SRO	P4/DMD	196	1 588,82	133,508			1,625	
LIGIER GROUP	DMD	133	712,71	0			0	
LLC AUTOMOBILE PLANT GAZ	DMD	76	2 506,08	344,868			0	
LONDON EV COMPANY LIMITED	DMD	59	2 278,53	20,610			0	
MAGYAR SUZUKI CORPORATION LTD		8	1 357,38	128,377	148,449	– 20,072	3,623	0
MAN TRUCK & BUS SE	P7	10 112	2 228,95	242,563	240,813	1,750	1,297	0
MAZDA MOTOR CORPORATION	DMD	6	1 694,33	147,000			0	

A	B	C	D	E	F	G	H	I
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Meánmhais in ord reatha	Meánastaíochtaí sonracha CO_2	Sprioc astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Cóigiltis CO_2 ó éiceanúlaíochtaí	Lamháil earráide
MELEX SP ZOO	DMD	2	1 230,00	0			0	
MERCEDES-BENZ AG		111 283	2 191,48	204,725	225,594	– 20,872	0,808	0,003
MITSUBISHI MOTORS CORPORATION	P5	9	1 975,00	46,000	158,619	– 112,619	0	0
MITSUBISHI MOTORS THAILAND CO LTD	P5	6 231	2 076,22	236,963	205,339	31,624	1,285	0
NEXTEM E-MOBILITY LIMITED	DMD	40	1 320,00	0			0	
NISSAN AUTOMOTIVE EUROPE SAS	P5	16 013	1 848,27	179,315	180,4	– 1,093	1,649	0,008
OPEL AUTOMOBILE GMBH	P6	20 445	1 564,91	141,763	170,86	– 29,097	0,223	0
OZ TRUCK SRL	DMD	1	1 600,00	0			0	
PIAGGIO & C SPA	D	4 339	1 387,39	189,461	194	– 4,583	0	0,044
POLARIS SALES EUROPE SARL	DMD	520	963,40	0			0	
RENAULT SAS	P5	163 568	1 790,55	181,783	196,187	– 14,409	1,654	0,005
RENAULT TRUCKS		8 339	2 220,93	270,658	277,862	– 7,217	1,020	0,013
ROMANITAL SRL	DMD	47	1 625,74	246,021			0	
SAIC MAXUS AUTOMOTIVE CO LTD	D	3 841	2 027,65	56,509	174	– 117,491	0	0
SAIC MOTOR CORPORATION LTD		2	1 753,50	21,500	140,114	– 118,614	0	0
SEAT SA	P7	79	1 423,95	129,004	132,666	– 3,662	0,085	0
SKODA AUTO AS	P7	111	1 565,50	132,764	147,777	– 15,013	1,975	0
STELLANTIS AUTO SAS	P6	80 558	1 490,15	131,592	154,580	– 22,991	0,134	0,003
STELLANTIS EUROPE SPA	P6	73 342	1 618,64	160,964	175,359	– 14,396	1,513	0,001
STREETSCOOTER GMBH		499	1 785,75	0	143,209	– 143,209	0	0
SUZUKI MOTOR CORPORATION	D	9 469	1 164,93	172,976	174	– 1,024	0,002	0

A	B	C	D	E	F	G	H	I
Ainm an mhonaróra	Díormaí Maoluithe Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Meánmhais in ord reatha	Meánastaíochtaí sonracha CO_2	Sprioc astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Coigiltis CO_2 ó éiceanuálaíochtaí	Lamháil earráide
TOYOTA MOTOR EUROPE NV SA		57 217	1 872,01	179,669	204,655	– 24,989	0,510	0,003
VOLKSWAGEN AG	P7	102 843	1 926,45	184,203	192,942	– 8,739	1,408	0
VOLVO CAR CORPORATION	DMD	1 465	1 851,29	136,642			1,168	

Tábla 2

Luachanna a bhaineann le feidhmíocht díormaí monaróirí feithiclí tráchtála éadroma nua sa bhliain féilire 2022 i gcomhréir le hAirteagal 9 de Rialachán (AE) 2019/631

A	B	C	D	E	F	G	H	I	J
Ainm an díorma	Díormaí Díolúintí	Líon iomlán na gclárúchán	Meánmhais in ord reatha	Meánastaíochtaí sonracha CO_2	Sprioc astaíochtaí sonracha	Fad chuig an sprioc	Coigiltis CO_2 ó éiceanuálaíochtaí	Lamháil earráide	Sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha
BMW	P1/DMD	46	1 797,50	141,180			2,972		184,352
FORD	P2	152 084	2 052,33	199,682	207,047	– 7,365	0,048	0	210,991
HYUNDAI MOTOR EUROPE	P3/DMD	269	1 841,06	177,252			0,607		
KIA	P4/DMD	498	1 334,34	120,278			1,583		
RENAULT-NISSAN-MITSUBISHI	P5	186 572	1 802,88	183,164	191,362	– 8,203	1,644	0,005	
STELLANTIS	P6	336 703	1 711,71	164,453	188,903	– 24,451	0,665	0,001	
VOLKSWAGEN	P7	113 202	1 952,73	189,317	196,705	– 7,388	1,397	0	204,217

Nótaí míniúcháin a ghabhann le Táblaí 1 agus 2:

I gcás na ríomhanna uile is bun leis na luachanna a liostaítear sna táblaí sin, níor breithníodh ach na feithiclí sin ar tuairiscíodh astaíochtaí sonracha CO_2 agus an mhais in ord reatha araon ina leith.

I gcás monaróir aonair, atá ina bhall de dhíorma monaróirí sa bhliain féilire 2022, is iad na luachanna a liostaítear i dTábla 1 na luachanna a bheadh feidhm acu mura mbeadh an monaróir ina bhall den díorma.

Colún A:

Tábla 1: Ciallaíonn 'ainm an mhonaróra' ainm an mhonaróra arna fhógairt don Choimisiún ag an monaróir lena mbaineann nó, i gcás nach ndearnadh an fógra sin, an t-ainm a thuairiscigh an t-údarás tuairiscithe.

Tábla 2: Ciallaíonn 'ainm an díorma' ainm an díorma arna fhógairt ag bainisteoir an díorma.

Colún B:

Ciallaíonn 'D' gur deonaíodh maolú le haghaidh na bliana féilire 2022 i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2019/631 (monaróir ísealtáirgeachta).

Ciallaíonn 'DMD' go bhfuil feidhm ag díolúine '*de-minimis*' i gcomhréir le hAirteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/631, ionas nach mbeidh ar an monaróir sprioc astaíochtaí sonracha a bhaint amach sa bhliain féilire 2022;

Ciallaíonn 'P' go bhfuil an monaróir ina bhall de dhíorma monaróirí arna dhéanamh de bhun Airteagal 6 de Rialachán (AE) 2019/631 a bhfuil an comhaontú maidir le díorma bailí ina leith le haghaidh na bliana féilire 2022.

Colún C:

Ciallaíonn 'líon iomlán na gclárúchán' líon iomlán na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua a cláraíodh sa bhliain féilire 2022 san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Colún D:

Ciallaíonn 'meánmhais in ord reatha' (kg) meánmhais in ord reatha na bhfeithiclí tráchtála éadroma nua a cláraíodh sa bhliain féilire 2022 san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Colún E:

Ciallaíonn 'meánastaíochtaí sonracha CO_2' (g CO_2/km) na meánastaíochtaí sonracha CO_2 arna gcinneadh i gcomhréir le Rialachán (AE) 2017/1151 maidir leis na feithiclí tráchtála éadroma nua uile a cláraíodh sa bhliain féilire 2022 san Aontas, san Íoslainn agus san Iorua as a bhfuil an monaróir (Tábla 1) nó baill an díorma (Tábla 2) freagrach.

Agus meánastaíochtaí sonracha CO_2 á ríomh, chuir an Coimisiún san áireamh, i gcás inarb infheidhme, coigilteas astaíochtaí CO_2 a tháinig chun cinn mar thoradh ar éiceanuálaíochtaí a úsáid (colún H).

Colún F:

Ciallaíonn 'sprioc astaíochtaí sonracha' (g CO_2/km) sprioc astaíochtaí sonracha an mhonaróra (Tábla 1) nó an díorma monaróirí (Tábla 2) arna ríomh i gcomhréir le Cuid B, pointe 4, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631, nó, i gcás inarb infheidhme ('D' i gcolún B i dTábla 1), an sprioc mhaolaithe a deonaíodh de bhun Airteagal 10 de Rialachán (AE) 2019/631.

Is í sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha, a úsáidtear chun an sprioc astaíochtaí sonracha a ríomh, an sprioc a leagtar amach i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 nó i gcuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623. I gcás díormaí monaróirí a liostaítear i dTábla 2, a ndearnadh athrú ar a gcomhdhéanamh sa bhliain féilire 2022, liostaítear sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha i gcolún J i dTábla 2.

I gcás ina mbaineann monaróir leas as díolúine de bhun Airteagal 2(4) de Rialachán (AE) 2019/631 ('DMD' i gcolún B i dTábla 1), ní bheidh feidhm ag aon sprioc astaíochtaí sonracha agus, dá bhrí sin, ní luaitear 'fad chuig an sprioc' (colún G) ná 'lamháil earráide' (colún I) ach an oiread.

Colún G:

Ciallaíonn 'Fad chuig an sprioc' (g CO_2/km) an difríocht idir meánastaíochtaí sonracha CO_2 (colún E) agus an sprioc astaíochtaí sonracha (colún F), as a mbaintear an lamháil earráide (colún I).

I gcás inar mó ná nialas an fad go dtí an spriocluach, ciallaíonn sé sin gur sáraíodh an sprioc astaíochtaí sonracha.

I gcás monaróra, ar ball de dhíorma monaróirí é ('P' i gcolún B i dTábla 1), ní dhéanfar measúnú ar chomhlíonadh na sprice astaíochtaí sonracha ach amháin ar leibhéal an díorma.

Colún H:

Ciallaíonn 'coigilteas CO_2 ó éiceanuálaíochtaí' (g CO_2/km) an coigilteas astaíochtaí a chuirtear san áireamh chun meánastaíochtaí sonracha CO_2 (colún E) a ríomh, a thagann chun cinn as úsáid a bhaint as teicneolaíochtaí nuálacha lena gcuirtear cion deimhnithe le laghduithe CO_2 agus atá formheasta ag an gCoimisiún i gcomhréir le hAirteagal 11 de Rialachán (AE) 2019/631. Níor cuireadh san áireamh ach éiceanuálaíochtaí a formheasadh i ndáil le nós imeachta tástála astaíochtaí WLTP. Ríomhtar an coigilteas CO_2 ó éiceanuálaíochtaí i gcomhréir le hAirteagal 5 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2017/1152 agus pointe 4.1(f) d'Fhógra 2017/C 218/01 ón gCoimisiún.

Colún I:

Ciallaíonn 'lamháil earráide' (g CO_2/km) an luach ar dá réir a rinneadh coigeartú ar an difríocht idir meánastaíochtaí sonracha CO_2 (colún E) agus an sprioc astaíochtaí sonracha (colún F) agus an fad chuig an sprioc á ríomh (colún G), chun go gcuirfí san áireamh taifid ina bhfuil cód earráide B ar thug an monaróir (Tábla 1) nó an díorma monaróirí (Tábla 2) fógra ina leith don Choimisiún mar a leagtar amach in Airteagal 6 de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/392.

Ríomhtar an lamháil earráide sin de réir na foirmle seo a leanas:

Lamháil earráide =	dearbhluach de [(AC1 – TG1) – (AC2 – TG2)]
AC1 =	meánastaíochtaí sonracha CO_2 lena n-áirítear na taifid ina bhfuil cód earráide B (mar a shonraítear i gcolún E);
TG1 =	sprioc astaíochtaí sonracha lena n-áirítear na taifid ina bhfuil cód earráide B (mar a shonraítear i gcolún F);
AC2 =	meánastaíochtaí sonracha CO_2 arna ríomh tar éis na taifid ina bhfuil cód earráide B a eisiamh;
TG2 =	sprioc astaíochtaí sonracha arna ríomh i ndiaidh na taifid ina bhfuil cód earráide B a eisiamh.

Colún J (Tábla 2):

Ciallaíonn 'sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha' sprioc thagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha arna gcinneadh i gcomhréir le Cuid B, pointe 3, d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) 2019/631. Ní shonraítear luach ach amháin le haghaidh díormaí nua agus le haghaidh na ndíormaí monaróirí a ndearnadh athrú ar a gcomhdhéanamh sa bhliain féilire 2022. I gcás díormaí eile monaróirí, liostaítear spriocanna tagartha WLTP i leith astaíochtaí sonracha i gCuid B d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2022/2087 nó i gCuid B d'Iarscríbhinn I a ghabhann le Cinneadh Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1623.